# Bás Aodha Rua Uí Dhomhnaill


Eochairfhocail: cartlann, staraithe, uacht, Taoiseach Gaelach, seandálaithe, nimh, comhcheilg

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1.Cén fáth a bhfuil bás Aodha Rua Uí Dhomhnaill ina ábhar conspóide?
2.Ainmnigh rud amháin atá i dtaisce sa chartlann sa chaisleán ina bhfuair Aodh Rua bás?
3.An bhfuair Aodh Rua Ó Domhnaill an deis cabhair mhíleata a lorg ar Rí na Spáinne, Pilib a Trí?
4.Cad a scríobhadh síos díreach sular cailleadh Aodh Rua Ó Domhnaill?
5.Cé dó gur mhian le hAodh Rua go dtabharfaí a theideal mar Thaoiseach tar éis a bháis?
6.Ainmnigh rud amháin eile a bhí á lorg ag Aodh Rua ina uacht?
7.Cérbh é James Blake?
8.Cad ba chúis le bás Aodha Rua dar le Seán Ó Cuirreáin?
9.Ar éirigh le seandálaithe teacht ar chnámha Aodha Rua go dtí seo?
10. An bhfuil spéis agat i stair na hÉireann? Cén fáth?

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta:



Meaitseáil: aimsigh an abairt ar dheis a bhfuil an chiall chéanna ag baint léi ar chlé.

| | |
|---|---|
| Cailleadh Aodh Rua Ó Domhnaill sa Spáinn sa bhliain 1602 | Ba mhian le hAodh Rua go dtabharfaí an gradam Taoiseach |
| Ba i nGaeilge a scríobhadh uacht Aodha Rua | Tá teipthe ar sheandálaithe teacht ar thaisí Aodha Rua go dtí seo |
| Thaistil Aodh Rua chun na Spáinne nuair a chlis ar na Gaeil ag Cath | Ag tráth bhás Aodha Rua ba é Pilib a III a bhí ina rí sa Spáinn |
| Theastaigh ó Aodh Rua cabhair mhíleata a fháil ó Rí na Spáinne | Gaeilge teanga scríofa uacht Aodha Rua |
| Bhain conspóid le bás Aodha Rua | Tá tuairim choitianta ann gur i Valladolid atá an Domhnallach |
| ceapann staraithe áirithe gur nimh ba chúis le bás Aodha Rua | Fuair Aodh Rua Ó Domhnaill bás sa Spáinn sa bhliain 1602 |
| Ceaptar go forleathan gur cuireadh Aodh Rua Ó Domhnaill i | Tá éag Aodha Rua ina údar conspóide i measc staraithe le |
| Theastaigh ó Aodh Rua go mbronnfaí an teideal Taoiseach | Sa tóir ar chúnamh mileata ó rí na tíre a bhí Aodh Rua nuair a shroich |
| Ba é Pilib a Trí a bhí ina rí ar an Spáinn nuair a cailleadh Aodh Rua | Tá dream amháin staraithe den tuairim gur nimhiú ba chúis le |
| Níl éirithe ag seandálaithe teacht ar chnámha an Taoisigh Ghaelaigh | Chuaigh Aodh Rua go dtí an Spáinn nuair a chaill na Gaeil Cath |

# Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

Samhlaigh gur tusa Seán Mac an tSíthigh, an tuairisceoir. Tá tú sa Spáinn agus tá an mhír nuachta seolta go TG4 agat. Scríobh cuntas ar an gcaoi ar chuir tú an mhír nuachta sin le chéile. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

| | |
|---|---|
| obair thaitneamhach | chuaigh mé i dteagmháil le |
| chuir mé …... faoi agallamh | cartlann an chaisleáin |
| d'fhiosraigh mé | rinne mé a lán taighde ar an idirlíon |
| tá an-spéis agam i | an cheamaradóireacht |
| bhain mé sárthaitneamh as…. | an ghrian ag scoilteadh na gcloch |
| thóg sé seachtain orm …. | táim an-bhródúil as an mír nuachta áirithe seo |



# Freagraí

1.Mar ceapann staraithe áirithe gur nimh ba chúis lena bhás
2.Uacht Aodha Rua agus sonraí an fhiosrúcháin a rinne údaráis na Spáinne faoina bhás conspóideach
3.Ní bhfuair, cailleadh é sular bhain sé cuairt an rí amach
4.A uacht
5.A dheartháir Ruaidhrí Ó Domhnaill
6.Go dtabharfaí aire do na daoine a bhí ina chuideachta, go ndéanfaí easpag don sagart a bhí ina chuideachta, go nglanfaí a chuid fiacha
7.Ceannaí cam ón nGaillimh, seans go raibh sé i gcomhcheilg leis na Sasanaigh agus gur thug sé nimh d'Aodh Rua
8.Bás nádúrtha nó péist ribíneach a bheith ina bholg aige.
9.Níor éirigh

